

❖ An Lúibín ❖

10 Mí Aibreáin 2006



Every year the History Department of the University of Melbourne hosts a series of Irish Seminars, dealing with aspects of Irish and Irish-Australian culture and history. Two of the most recent featured the Australian ethnomusicologist Graeme Smith of Monash University, speaking on Music, Celticity and National Identity in Australia, and Dr Larry Geary of University College, Cork, speaking on The Poor Law, Health Care and the Great Famine in Ireland.

Ar 21/3/06, mar chuid den tsraith seimineár a bhíonn ar siúl gach bliain faoi choimirce Ionad an Léinn Éireannaigh ag Ollscoil Mhelbourne, chualamar caint an-suimiúil ag Graeme Smith, eolaí agus údar ar cheol tíre na hAstráile.

Chuir Graeme roimhe scrúdú a dhéanamh ar an bhfeidhm a baineadh as ceol Éireannach, ceol Astrálach agus ceol Bundúchasach chun féiniúlacht nua a chumadh – ceann a sheachain féiniúlacht an náisiúnstáit agus a sholáthair bealach nua chun an stát a shamhlú.

Sna 70í a tharla an *folk revival* san Astráil (bhí *An Lúibín* ann agus é óg) agus ba iad na *bush bands*¹ ba thúisce a rinne iarracht ar an nGaelachas a fhí isteach i náisiúnachas nua an cheoil. Mothaíodh go raibh fiántas agus neamhchoitiantacht éigin ag baint leis an traidisiún Gaelach agus dlúthbhaint aige leis na saintréithe ba mhó a samhlaíodh leis an Astráil – meas ar an ngnáthdhuine agus dímhéas ar an sotal. Sheinn na bannaí seo ceol ar leith – meascán d’amhráin thraidisiúnta na hAstráile agus ceol rince na hÉireann; bhí spleodar agus sracadh an *folk-rock* iontu, agus ba mhór idir iad agus an cineál *folk* séimh a bhí i réim sna 60í. Bhí an ceol nua tagtha amach as an gclúid agus áit faighte aige i lár an aonaigh.

Bhí na bannaí seo ag brath go mór ar dtús ar cheoltóirí Éireannach, dream a bhí i bhfad níos oilte ar a gceird ná a leithéidí a rugadh san Astráil, agus rinne Graeme tagairt do thionchar cheol tréan rithimiúil na mbannaí céilí ag an am. Leis an aimsir tháinig na bannaí Astrálacha faoi anáil Planxty, an Bothy Band agus a leithéidí eile.

Cuid den dearcadh a bhí ag na ceoltóirí seo bhain sé le leabhar cáiliúil leis an staraí Russell Ward, *The Australian Legend*, saothar a foilsíodh sna 50í; shamhlaigh sé an *bush* le buntréithe fiúntacha na tíre agus léirigh ciall an scéil le seanbhailéid. Leagan ar leith den Astrálachas é seo, agus sampla maith de ‘thraidisiún cumtha’.²

¹ Ní furasta leagan Gaeilge de *bush band* a sholáthar. Is í an chiall atá le *bush* idir thuath agus choill: áit a bhfuil iargúlacht éigin ag baint léi, agus daoine neamhspleácha seiftiúla ann atá ag brath ar a chéile i ndeireadh an tsoil. D’fhéadfá banna tuaithe, banna traidisiúnta, banna coille fiú a thabhairt ar an *bush band*: b’fhéidir gur *traidbhanna* an leagan is fearr. Ní mór é a aithint ó bhanna *country & western* – téarma eile nach bhfuil Gaeilge air.

² Féach *The Invention of Tradition*, eag. Eric Hobsbawm & Terence Ranger, Cambridge University Press, 1983. Cuntas grinn géar greannmhar é ar an gcaoi a gcumtar traidisiúin nua mar nasc le ham samhlaíthe a tá caite. Tá baint ar leith ag an sliocht seo as an réamhrá le hábhar an tseimineáir: ‘Tá dlúthbhaint acu leis an “náisiún,” rud nua stairiúil a cumadh le déanaí in éineacht lena mbaineann leis: náisiúnachas, an náisiúnstát, samhailchomharthaí náisiúnta, startha agus mar sin de’.

Baineadh suaitheadh as an 'traidisiún' seo nuair a thosaigh an pobal ba shine – na Bundúchasaigh – á gcur féin in iúl i saol na tíre. Bhí lé ag ceoltóirí bána áirithe lena ndúchas siúd, agus rinne Graeme tagairt ar leith do Steve Cooney, ceoltóir as Melbourne a chuir aithne ar Bhundúchasaigh thraidisiúnta an tuaiscirt agus a d'fhoghlaim conas seinm ar an didsiridiú. Bhain sé tairbhe as ina dhiaidh sin i gceol banna agus ba bheag an mhoill ar cheoltóirí eile a lorg an leanúint.

Chuir an *didj* ar chumas ceoltóirí bána a chur i bhfios go raibh nasc ar leith acu le dúchas na tíre. Chuidigh glór na huirlise féin leis sin – glór athshondach a raibh cuimhne na gcianoiseanna ann. Chuir sé údarás le ceol na *bushies*, ach ní gan argóint é. Ceist chonspóideach é samhailchomharthaí cine eile a shealbhú, go háirithe agus éileamh ag teacht ar an *didj* ar fud an domhain. Is é a chuir cor sa scéal an uirlis a bheith á húsáid anois ag Bundúchasaigh an deiscirt, áit nach raibh sí le fáil roimhe sin. Bhí fearg ar Bhundúchasaigh éigin nuair a shealbhaigh daoine bána an uirlis, cé gur admhaíodh go raibh sé ródhéanach an scéala a réiteach. Thóg Steve Cooney an didsiridiú leis chun na hÉireann, áit a raibh fáilte éigin roimhe mar uirlis dhordáin, agus thaispeáin Graeme dúinn cúpla pictiúr d'uirlis ársa Éireannach a seinnfeá uirthi ar an dóigh chéanna – an corn cré-umha.

Ina dhiaidh sin, bhain guth nua na mBundúchasach an bonn ó náisiúnachas na *bush bands* ar shlí eile. D'inis Graeme scéal faoi cheoltóir a bhí ina bhall de bhanna aitheanta agus iad ag seinm os comhair grúpa Bundúchasach. Bhí an slua an-mhúinte ach dá fhad a lean an banna orthu ag seinm is ea is ciúine a d'éirigh na héisteoirí, agus rith sé le mo dhuine nach raibh dada le rá ag an gceol 'fíorAstrálach' seo leis na hAstrálaigh ba shine ar fad. Ba ghearr go ndeachaigh sé i gceann ceoil eile.

Rud eile a lagaigh an náisiúnachais cheolmhair seo ba é teacht an ilchultúrachais sna 80í é. Leathnaigh sé seo ciall an Astrálachais agus chuir sé leagan na *bush bands* de as a riocht; níor leor mar léargas ar chroí an dúchais feasta meascán d'amhráin tíre agus de ríleanna, go fiú agus dordán an didsiridiú tríothu.

Fiafraíodh de Ghraeme cé na rudaí a rachadh i bhfeidhm ar náisiúnachas seo an cheoil san am a bhí le teacht, agus dúirt sé gur cheist gan freagra fós í.



Ar 3/4/06 bhí an Dr Larry Geary ann chun cur síos a dhéanamh ar chúrsaí sláinte agus an Gorta. Thosaigh sé le cuntas ar an drochshláinte a bhí le fulaingt ag na mílte sa seansaol, rud nárbh fhéidir a scaradh ón mbochtanas agus ón ocras. B'fhurasta do na bochtáin galar a thógáil agus iad chomh hainnis sin; rinneadh mórán cuntas ar an scéal ag an am. Agus bhí líon na ndaoine ag méadú: bhí 2.5 milliún duine ann sa bhliain 1750 agus 8.5 milliún ann i dtús an Ghorta, agus a leath ina gcifléacháin.

Bhí sé ráite ag an eacnamaí Briotanach T.R. Malthus gur dócha go sáródh méadú an daonra méid an chothaithe agus gur chóir an méadú sin a shrianú le modhanna sóisialta agus morálta. Maidir le hÉirinn, tá scagadh níos caolchúisí déanta ag staraithe eile ar an scéal, agus iad á chur in iúl go raibh cothú maith sa phráta agus teas le baint as an móin, rud a chuaigh ar sochar don dream ba bhoichte; mar sin féin, bhí cuid mhaith den phobal ar an trá fholamh. Bhí an scéal go dona tar éis na bliana 1815, nuair a bhí na cogáí Napóileanacha críochnaithe: an daonra ag fás go tiubh, meath tráchtála ann, gorta ann agus galar: ba é an calar a chuir scéin ar dhaoine sna tríochaidí.

Ní raibh fonn ar an Stát féin bacadh le cás na mbocht. Ba é tuairim na n-údarás nár cheart dóibh a ladar a chur isteach agus cúnaimh eile le fáil, más cúnaimh treallach míchothrom féin é. Ba iad na heagrafochtaí neamhrialtais ba mhó a dháileadh an déirc agus bun creidimh leis an obair go minic; ní raibh córas oifigiúil cabhrach ann.

Mar sin féin, bhí a fhios ag an rialtas go raibh fadhbanna ann, agus cuireadh binsí fiosrúcháin ag obair. Rinne an *Poor Enquiry* iniúchadh géar sa bhliain 1932 agus chuir roinnt tuarascálacha troma amach, á mholadh go gcuirfí oibreacha poiblí ar bun agus go gcuirfí dlús leis an imirce. Ba chóir maoiniú a sholáthar le hiasachtaí stáit agus le cánacha áitiúla. Chuir an méid seo anbhuan ar an rialtas. Fuair siad tuairim eile a thug sásamh dóibh agus a chuir siad i bhfeidhm: *indoor relief* a chur ar fáil trí thithe na mbocht agus gan aon cheart dlíthiúil a bheith ag daoine ar chabhair – thabharfaí í de réir bhreithiúnas na n-údarás agus bheadh na tithe chomh scanrúil sin go mb’fhearr le daoine a bheith neamhspleách. Bhí an-doicheall ar na daoine roimh na tithe seo, ach fuair na mílte dídean iontu mar sin féin. Beartaíodh ar 130 ceann acu a thógáil agus bhí a bhformhór ar oscailt nuair a bhuail an Gorta Mór an tír.

Bhain fadhbanna maoinithe, suite agus riaracháin le tithe na mbocht. Airgead príobháideach a bhí á gcothú agus b’fhusa an t-airgead a bhailiú sna ceantair ba shaibhre, rud a d’fhág na háiteanna ab ainnise in áit na leathphingine. Bhí na tithe thar a bheith plódaithe i rith an Ghorta, agus ba léir go raibh gá le níos mó acu. Athraíodh an dlí chun go bhféadfaidís freastal ar an bochtáin i gcoitinne, ach dhiúltaigh an rialtas breis airgid a sholáthar agus thosaigh na tithe ag dúnadh. Ansin cuimhníodh ar cháin a ghearradh, rud a thosaigh sa bhliain 1851; b’in deireadh na déirce príobháidí. Bhí a fhios ag na húdaráis go raibh an plódú ag cuidiú le tógáil an ghalair; ar an taobh eile de d’fhéadfadh dídean agus beagán bia daoine a thabhairt slán.

Cuireadh ceist faoi fhás an daonra roimh an nGorta; dúirt Mac Uí Ghadhra go raibh comhfhás daonra in Éirinn agus sa Bhreatain ag an am, a bhuíochas sin ar an bpráta agus ar an Réabhlóid Thionsclaíoch faoi seach. Tír churadóireachta ba ea Éire i gcónaí, agus ba é an bia a onnmhairíodh ón tír sin a chothaigh an pobal nua cathrach i mBreatain. Cuireadh ceist eile faoi iompar na dtiarnaí talún i rith an Ghorta: dúirt Mac Uí Ghadhra nach raibh an oiread sin taighde déanta ar an scéal, ach go raibh a lán acu ina gceann maith don phobal in am an ghátair (agus bun creidimh leis arís), cé go raibh an chuid ba mheasa díobh go dona ar fad. Is iomaí tiarna talún a d’éirigh bancbhriste de bharr an Ghorta: bhí orthu an cháin a íoc ach ní raibh aon chíos ag teacht isteach. Maidir leis an imirce a bhain leis an nGorta, b’fhiú costas an taistil a chur san áireamh: sin é an fáth a ndeachaigh formhór na ndaoine chun na Breataine agus líon níos lú acu chun Meiriceá. Ba ghá breis taighde a dhéanamh ar ar bhain leis an dá rogha, agus ar an imirce chun na hAstráile a tharla ina dhiaidh sin.

Blarney

Fuair *An Lúibín* nóta ó Kevin McCarthy, foilsitheoir an **Blarney Bulletin**, iris leictreonach atá le fáil ag: <http://www.blarneybulletin.com>. Tagann sí chugat anois le podchraoltóireacht – neart ceoil ó neart ceoltóirí. Orthu sin tá Colum Sands, Sharon Shannon agus (más fíor) na Mased Voices of Middle Australia. Tá comórtais ann agus duaiseanna: is féidir leat ticéad go hÉirinn a ghnóthú. Tabhair súil ar an suíomh.

Réaltacht

TG4's version of reality television is oddly effective.

Triailéadh gach rud eile a tharraingeodh aird agus gnaoi an phobail ar an nGaeilge. Anois tá an crú tagtha ar an tairne. Seo í an tseift: scata Éireannach aitheanta a bhailiú le chéile agus iachall a chur orthu Gaeilge a úsáid. **Ní Gaeilgeoir Mé** an seó, agus é ar an gcéad iarracht a rinne TG4 ar chlár teilifíse réaltachta a dhéanamh.

Deir TG4 go raibh 44,000 duine ag féachaint air gach oíche i rith na sraith, gan trácht ar na mílte a thug súil fhánach air. Sheas sé an fód go misniúil in éadan an Late Late Show féin.

Níl fotheidil ag an gclár (ní hí Gaeilge na Gaeltachta atá i gceist, ar ndóigh), ach ghnóthaigh sé 7.4% den lucht féachana Lá 'le Pádraig. An rud is beag leatsa is mór le daoine eile é. Tá leathanach baile Idirlín ann freisin, agus trácht lasta á dhéanamh aige – fuair sé formhór na mbuillí (milliún acu) a buailéadh ar shuíomh TG4 ar feadh aon seachtain amháin.



Leabhair idir lámha

Modern literature in Irish owes much to the late Bríghid Uí Éigeartaigh.

Tá Bríghid Uí Éigeartaigh dultha ar shlí na fírinne in aois a cúig bliana is ceithre scór – duine de na daoine is mó a chuir litríocht na Gaeilge chun cinn lenár linn.

Bhunaigh sí féin agus a fear céile, Seán Sáirséal Ó hÉigeartaigh, an comhlacht foilsitheoireachta Sáirséal agus Dill sa bhliain 1945, le cúnadh £300 a fuair Seán le huacht aintín. Bhí an Gúm ann, ach a mhalairt d'fhiontar a bhí ón mbeirt – foilsitheoir a chuirfeadh amach na saothair Ghaeilge ab fhearr, beag beann ar chinsireacht. D'fhoilsigh siad *Cré na Cille*, dánta le Seán Ó Ríordáin, *Dúil* agus a lán eile.

Rugadh Bríghid i gCillínín i gCo. na Gaillimhe sa bhliain 1920 agus thaispeáin sí a miotal nuair a fuair sí scoláireacht chun Coláiste na Tríonóide sa bhliain 1938. Bhain sí amach céim san eolaíocht agus céim i bhFraincis agus i nGearmáinis. Iníon le scríbhneoir ba ea í, agus bhí baint aici féin agus ag Seán leis an iris *Comhar*, rud a tharraing a n-aird ar chúrsaí litríochta comhaimseartha.

Seán a rinne obair phoiblí an chomhlachta agus Bríghid a rinne an chuid is mó den eagarthóireacht. Bhí easpa airgid orthu riamh chuige, cé go raibh deontais le fáil trí Bhord na Leabhar Gaeilge agus go raibh club leabhar ann a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar bun. Easpa airgid a choinnigh Seán ag obair ina phost sa Roinn Airgeadais, agus nuair a cailleadh é sa bhliain 1967 rinneadh socrú speisialta i dtreo go dtabharfaí deontas don chomhlacht. Bríghid a bhí i mbun na hoibre go léir faoin am sin, agus níor éirigh sí as go dtí an bhliain 1980, nuair a tháinig Caoimhín Ó Marcaigh ina hionad.

Ábhar iontais é an bláthú a tháinig ar litríocht na Gaeilge san fhichiú haois – úrscéalta, gearrscéalta, fiilíocht. Údair a bhí gan iomrá sa domhan mór ba ea roinnt mhaith de na scríbhneoirí sin, ach chum siad saothair a bhí inchomórtais leis na cinn ab fhearr a scríobhadh i mBéarla in Éirinn ag an am. Ní bheadh súil agat leis an ngaisce sin: ba bheag é líon na léitheoirí agus ba lú fós líon na scríbhneoirí féin. Thaispeáin siad mar sin féin go raibh mianach agus brí sa teanga Ghaeilge a bhí in ann céad constaic a sháru, agus do Bhríghid Uí Éigeartaigh a bhí mórán

den chreidiúint ag dul. Áit ar bith a bhfuil Gaeilge á scríobh – san Astráil féin – táimid faoi chomaoin ag a leithéidí.



Cá bhfuil do thriall?

Irish signposts get the English right – but not much else.

Scéal ón *Irish Times*: rith stáisiún raidió san iarthar comórtas i ngeall ar na samplaí ba mheasa de dhrochlitriú logainmneacha Gaeilge ar chomharthaí bóthair. Tháinig na samplaí isteach ina rabharta, rud a thaispeáin (d’ainneoin na neamhshuime a chuirtear i leith mhuintir na hÉireann sna cúrsaí seo) gur thug daoine na botúin faoi deara agus gur chuir siad fearg orthu.

Athchraoltóir de chuid Raidió na Gaeltachta a rinne an mholtóireacht, agus dúirt sé go raibh cuid mhaith de na comharthaí chomh dona sin go bhféadfaidís a bheith neamhdhlíthiúil. Ba é an botún a ghnóthaigh an duais an leagan mílitrithe de Ghaillimh ar an N63: ‘Garnimh’.

Dúirt urlabhra de chuid Údarás Náisiúnta na mBóithre gur ón Roinn Comhshaoil a fuair siad comhairle sna cúrsaí seo. I bhfocail eile, bhí an dearmad á dhéanamh dhá uair – ag an té a thug an chomhairle agus ag an té a ghlac í.



Lá nua, Lá eile

The Irish-language paper Lá, ever innovative, has started podcasting.

Ar chúpla slí tá an nuachtán Gaeilge *Lá* chun tosaigh ar gach nuachtán eile in Éirinn, agus is maith an scéal do léitheoirí san Astráil é i ré seo an Idirlíon. Anois tá podchraoladh le fáil ó *Lá* ar an suíomh seo: www.nuacht.com.

Níltear ach i dtús oibre: cuirfear leis an ábhar, agus bíodh súil agat feasta le hagallaimh, léirmheasanna, tuairiscí spóirt agus sleachta as cláracha Gaeilge. Mura bhfuil *i-pod* agat is féidir leat an comhad a íoslodáil ar ghnáthríomhaire agus ar ghutháin áirithe phóca freisin.

Tá leagan PDF *Lá* (leagan iomlán an nuachtáin) ar fáil ar an suíomh le tamall anuas.

Sean-nath cheana é (agus bun éigin leis) go bhfuil rath na Gaeilge ag brath ar an nua-theicneolaíocht. Más ea, is beag áis Ghaeilge ar an Idirlíon a bhfuil fiúntas ar leith ag baint léi. Eisceacht is ea *Lá*, ní hamháin mar nuachtán Gaeilge ach mar thionscnamh cultúrtha ann féin. Tá tábhacht ag baint leis sin agus méadú mall ag teacht ar líon na nGaeilgeoirí i dtíortha eile. Tá tábhacht leis freisin ar shlí eile: spreagann a leithéid de thionscnamh daoine eile chun a ngaisce féin a dhéanamh. B’fhéidir go mbeadh toradh air sin san Astráil féin agus saghas pobal Gaeilge á chumadh anseo de réir a chéile. Idir an dá linn, bíodh súil againn le féiríní eile ó lucht seiftiúil nuachta Chúige Uladh.



Sierra Leone

West Africa has been plagued with wars; in Sierra Leone and its neighbours thousands have died or fled. During the Commonwealth Games held recently in Melbourne a number of athletes from the region decided not to go home – and not without reason.

Thug na Portaingéalaigh *Serra Leão* (sléibhte an leoin) ar an áit nuair a bhain siad amach fadó í. Tugadh aird uirthi san Astráil le déanaí nuair a chuaigh roinnt mhór lúthchleasaithe ón tír sin ar a gcoimeád agus iad anseo i gcomhair na gCluichí Comhlathais.

In iarthar na hAfraice atá Sierra Leone, agus daonra de thimpeall 3 mhilliún duine ann. Ar an gcósta tá riasca mangróibh agus soir uathu tá na hardáin agus iad faoi chrainn; soir uathu sin arís tá na sléibhte. Tá an cósta ar na háiteanna is fliche san Afraic, ach ó mhí na Nollag go dtí mí na Feabhra tagann gaoth ghaineamhach thar tír isteach ón Sahára, agus ceo deannaigh á leanúint.

De sheanbhunadh na háite iad 90% den phobal – na Temne, na Mende agus eile; de shliocht athdhaor ón Iamáice 10% eile agus iad ina gcónaí timpeall Freetown, an phríomhchathair. Fágann sin beagán Indiach, Pacastánach, Eorpach agus Liobánach, agus teifigh ón Libéir. Bhíodh neart daor á ndíol anseo, ach i ndeireadh an 18ú haois cheannaigh daonchairde Sasanacha roinnt talaimh san áit a bhfuil Freeport anois agus bhunaigh athdhaor ann (bunaíodh athdhaor Mheiriceánacha ar an dóigh chéanna sa Libéir sa 19ú haois). Sa bhliain 1881 rinneadh coimearcas Briotanach den chuid eile den tír, agus bhain sí neamhspleáchas amach sa bhliain 1961.

Tá parlaimint aon seomra ann, agus roinnt suíochán curtha in áirithe do thaoisigh thraidisiúnta a thoghtar i dtoghcháin ar leith. Cloíonn 70% de na daoine lena gcreideamh sinseartha; Muslamaigh is ea 25% den phobal agus Críostaithe is ea an fuílleach. Tá an chuid is mó den phobal ina bhfeirmeoirí nuair a ligeann an cogadh dóibh é.

Cé gurb é an Béarla an teanga oifigiúil, níl sé á úsáid go coitianta ach i measc an lucht ceannais. Mende is mó a labhraítear sa deisceart agus Temne sa tuaisceart, agus i bhFreetown tá Krio (críól Béarla) le cloisteáil. Níl léamh ná scríobh na dteangacha ach ag timpeall 30% den phobal os cionn 15 bliana d’aois.

Ní deacair tubaistí Shierra Leone a áireamh. Tá an iomarca crann á leagan agus an ithir á hídiú le droch-churadóireacht; tá an t-iasc ag éirí gann. I gcoitinne maireann na daoine ar an gcúpla pingin. Is furasta fiabhras a tholghadh, agus tá SEIF tógtha ag 170,000 duine ar a laghad.

Thar aon rud eile, áfach, tá an tír thíos le hiarsmaí chogadh na gcarad a bhí ar siúl ann ó 1991 go dtí 2002, cogadh a mharaigh na mílte agus a dhíbir an tríú cuid den phobal. Tháinig agus d’imigh saighdiúirí na Náisiún Aontaithe, agus tá feidhmeannaigh idirnáisiúnta ann fós. Ach d’fhéadfaí an lasóg a chur sa bharrach arís, agus tá na comharsanna – an Ghuine agus an Libéir ina measc – míshocair. Is iomaí polaiteoir Afracach a shéideann faoi bhruíon sna stáit máguaird, agus ba é Charles Taylor na Libéire a rinne sin i Sierra Leone. Tá sé gafa anois ach níor chuir sin deireadh leis an diabhláocht.

Ní ábhar iontais é lúthchleasaithe na tíre a dhul ar a gcoimeád, mar sin, má éiríonn leo áit shaibhir shuaimhneach a bhaint amach. Deirtear go gceannaíonn a lán lúthchleasaithe áit ar fhoireann d’fhonn dídean a fháil i dtír éigin eile. Más fíor bréag é an scéal seo ní deacair é a thuiscint, go háirithe nuair a bheadh muintir na tíre á gcrá ag síorimreas. I gcúrsaí spóirt, áfach, ní hí an lúthchleasaíocht is ansa leis na daoine ach an sacar – is minic a d’fheicfeá seanliathróid á ciceáil ag ógánaigh na háite ar bhóthar deannachúil.

Tá saghas síochána i Sierra Leone anois, cé go mbíonn an réigiún suaite ag ceannaircigh, ag baiclí ógánach armtha agus ag ceannairí comhraic. Tá seantaithí ag na daoine ar chreachadh, ar chogadh cine agus ar dhíol na n-arm – an t-aon chuid den gheilleagar a raibh borradh fúithi ar feadh tamaill. Anois tá cúrsaí tráchtála ag dul i bhfeabhas: tá an-tábhacht le honnmhairiú na ndiamant agus na bácsaíte, agus de réir a chéile tá na teifigh ag teacht ar ais. Is fada, áfach, gur féidir le Sierra Leone teacht gan chabhair ón iasacht, agus tá a lán fadhbanna (ciorrú na mban, mar shampla, agus mursantacht na n-údarás) gan fuascailt fós.



Mura mian leat *An Líibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan